Élre · CORCA DHUIBHNE, Contae Chiarraí

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo

Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo

Ag cruthú naisc idir an tionscadal PEAKcom le teaghlaigh agus le gnólachtaí in Iarthar Dhuibhne chun cur chuige praiticiúil i leith bainistiú éilimh leictreachais a fhiosrú.



Cúlra

Tá Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne (CFCD) lonnaithe ar leithinis Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí, Éire. Agus é ag obair sa phobal áitiúil, tá tuiscint ag an gcomharchumann ar mhuintir an cheantair, ar na gnólachtaí agus ar shaintréithe thuaithe Chorca Dhuibhne.

De réir mar a thagann athrú ar úsáid fuinnimh agus de réir mar a mhéadaíonn an t-éileamh ar leictreachas, tá ról tábhachtach ag pobail tuaithe maidir le cur chuige praiticiúil a fhiosrú chun todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe a bhaint amach. Trína rannpháirtíocht in PEAKcom, nascann CFCD cuspóirí an tionscadail leis an bpobal áitiúil agus cabhraíonn sé le deiseanna a chruthú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí i gCorca Dhuibhne páirt a ghlacadh chun teacht ar réitigh ar na dúshláin a bhaineann le buaicéileamh leictreachais a fhiosrú.

An cuspóir

Is é cuspóir rannpháirtíochta CFCD in PEAKcom ná scéim phíolótach a reáchtáil chun tuiscint a fháil ar conas an buaicéileamh ar an ngréasán áitiúil a laghdú agus ar an tslí go bhféadfadh sé sin cabhrú leis an ngréasán leictreachais le linn tréimhsí ardéilimh. Déanfaimid athbhreithniú ar éileamh fuinnimh na ngnólachtaí áitiúla agus fiosróimid na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann dá bhféadfaí barrachas fuinnimh a ghintear a roinnt.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an éileamh fuinnimh i gcomhar leis an bpobal, cabhróidh CFCD le rannpháirtithe a d'fhéadfadh cur leis an obair a aithint agus a earcú. Cabhróidh siad sin leis an dtionscadal fiosrú a dhéanamh ar an tslí a úsáidtear leictreachas agus ar an tslí go bhféadfaí an t-éileamh a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Cuirfidh a rannpháirtíocht taithí fhíorshaoil agus riachtanais áitiúla san áireamh sa tionscadal.

Cabhróidh an cur chuige pobalbhunaithe seo lena chinntiú go gcuirfear gnáthchúinsí laethúla na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair faoin tuath i gCorca Dhuibhne san áireamh agus réitigh bhainistíochta fuinnimh á bhfiosrú. Deanaimid é seo trí an tualach fuinnimh a chothromú trí úsáid a bhaint as cadhnraí agus stóráil in-athnuaite.

Teaghlaigh agus gnólachtaí a earcú

Cuid lárnach den ról a bheidh ag CFCD in PEAKcom ná go raghfaí i dteagmháil le teaghlaigh agus le gnólachtaí i gCorca Dhuibhne agus iad a spreagadh chun féachaint ar an dtionscadal píolótach agus páirt a ghlacadh ann.

01 / Teagmháil a dhéanamh

Nasc leis an bpobal áitiúil

Cuir an tionscadal i láthair do phobal Chorca Dhuibhne agus mínigh cuspóir an tionscadail phíolótaigh ar shlí shoiléir shothuigthe.

02 / EARCAIGH

Tabhair cuireadh do dhaoine páirt a ghlacadh

Déan iarracht ionaid phobail agus gnólachtaí áitiúla a earcú, ag tabhairt taithí agus pátrúin éagsúla maidir le húsáid leictreachais isteach sa tionscadal.

03 / Cuir leis

Roinn taithí áitiúil

Cabhraigh le riachtanais laethúla na rannpháirtithe agus le comhthéacs na gceantar tuaithe a chur san áireamh i gcomhpháirtíocht níos leithne an tionscadail agus cuir chuige phraiticiúla á bhfiosrú.

Beidh rannpháirtíocht mhuintir na háite agus na bhfiontar áitiúil tábhachtach chun cur chuige praiticiúil i leith bainistiú buaicualaigh a fhiosrú agus chun tuiscint a fháil ar an tslí go bhféadfadh réitigh fhéideartha oibriú i bpobal tuaithe. Trí fheidhmiú mar nasc idir comhpháirtithe an tionscadail agus an pobal áitiúil, cabhróidh CFCD chun PEAKcom a thabhairt i measc an phobail go bhfuil sé mar aidhm aige tairbhe a thabhairt dóibh.

Sprioc

Tá sé i gceist ag CFCD, tacaíocht a thabhairt chun rannpháirtíocht fhiúntach a chothú leis na hionaid phobail agus gnólachtaí áitiúla sa scéim phíolótach ag PEAKcom agus chun go gcuirfeadh an taithí áitiúil ón gceantar le cuspóirí níos leithne an tionscadail.

Is féidir leis an eolas a gheofar tríd an dtionscadal píolótach agus tríd an gcomhoibriú leis an gcomhpháirtíocht idirnáisiúnta cabhrú le forbairt cur chuige praiticiúil i leith bainistiú éilimh leictreachais i bpobail tuaithe a threorú. Do Chorca Dhuibhne, tugann an tionscadal deis do mhuintir na háite páirt a ghlacadh i gcomhráite faoi úsáid fuinnimh, cur leis an gcomhar Eorpach agus cuir chuige a fhiosrú a d'fhéadfadh tacú le todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe.

Teagmháil

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi rannpháirtíocht CFCD in PEAKcom, déan teagmháil leis an bhfoireann:

Páidí Ó Sé

Bainisteoir
00353 66 9156100
p.se@cfcd.ie

Jaic Ó Grifín

Bainisteoir faoi Oiliúint
00353 66 9156100
j.ogrifín@cfcd.ie

Nasc go dtí an príomh tógra

https://www.interreg-npa.eu/projects/peakcom/

Interreg Co-funded by the European Union
Northern Periphery and Arctic
PeakCom